COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Céadaoin 24ú de Bhealtaine 2023**
**4.00in - 6.00in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 24ú de Bhealtaine ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., S. Ó T., G. Uí Ch., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní Ch. (Rúnaí/Príomhoide).
**Leithscéal ó:** P. Ó C. agus P. S.

1. **Fáiltiú**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách agus ghuí sé chuile bheannacht ar obair an Bhoird agus ar phobal na scoile. Rinne an Cathaoirleach ard-mholadh a thabhairt do na daltaí, tuismitheoirí agus na múinteoirí as a gcuid oibre i rith na scoilbhliana.

2. **Miontuairiscí**
Scaipeadh na miontuairiscí ar bhaill den Bhoird cúpla seachtain roimh cruinniú den Bhoird. Mhol G Uí C. le cuidiú ó Á B. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile is déanaí, mhol ó C Ó C. le cuidiú T Ó C. go nglacfar leo.

3. **Ag éirí astu**
Tugadh le fios don Bhoird nach raibh aon rud ag éirí astu.

4. **Comhfhreagras**
Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le Ciorclán na Roinne, Socraithe Réasúnta Bl 3, BOOGR, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM, DARE, Cigireacht an Roinn Oideachas – Féin-mheastóireacht Scoile

5. **Tuairisc an Rúnaí**

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Vacsaíniú, Cluichí Cispheile – buachaillí, Alan Ó Murchú – Cibearbulaíocht, Blitz Peile

Bliain 2: Cluichí Cispheile - buachaillí, Tionól Timpeallacht na nÓg, Alan Ó Murchú – Cibearbulaíocht, Blitz Peile,

Bliain 3: Scrúdú Praiticiúla Eacnamaíocht Bhaile, Cruinniú Roghanna Ábhair, Ré Ó Laighléis, Cluichí Cispheile – buachaillí, Tráth na gCeist GRETB, Alan Ó Murchú - Cibearbulaíocht

Bliain 4: Taithí Oibre, Críoch Cúrsa Cinnireachta, Coláiste Uisce, Clár na gComhlachtaí – Craobh Réigiúnach, Cluichí Cispheile – Buachaillí, Cruinniú Eolais – Barcelona, Turas Barcelona, Alan Ó Murchú – Cibearbulaíocht, Petit Dejeuner Fraincais, Blitz Peile Bunscoile – Cúrsa Ceannaireachta – Todhchaí Óga,

Bliain 5: Taithí Oibre Nasc, Cluichí Cispheile – Buachaillí, Lá na dTurgnamh – Fisice, Cruinniú Eolais – Barcelona, Turas Barcelona, Alan Ó Murchú – Cibearbulaíocht,

**Forbairt Gairmiúil**

B. Ní A. – PDST Ealaín

C. Ó L. – Éiteas

G. Ní C. – Belong agus Cruinniú Príomhoidí & Leas-Príomhoidí BOOGR

Cúrsa ar Dlí san Oideachais – Ath Luain

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

TUSLA, NEPS, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí.

6. **Tuairisc Cigireachta**

Rinne C. Ó C. agus an Runaí/Príomhoide tuairisc a thabhairt don Bhord ar an gcigireacht ábhar, Tíreolaíochta a bhí ag an scoil le déanaí. Tugadh le fios don Bhord go raibh cigireacht dearfa ag an scoil agus go raibh buntáistí foghlama bainteach leis. Mhol an Cathaoirleach díograis agus dúthracht na foirne go mórmhór an Rannóg Tíreolaíochta le linn na cigireachta.

7. **Oíche Ceiliúradh E. Uí M.**

Déanadh cur síos ar na himeachtaí a bhí socraithe mórthimpeall ar ócáid Bn Uí M don Bhord. Thug an Cathaoirleach go mbeadh sé i láthair do na hócáide.

8. **Coiste Teagmhasc Chriticiúil**

Tugadh le fios don Bhord go raibh coiste nua Teagmhas Chriticiúil tofa don scoilbhliain seo chugainn.

9. **Cód Iompair**

Déanadh athnuachan mar a dhéantar go bliantúil ar an gCód Iompair. Bhí an Cód curtha faoi bhráid Comhairle na nDaltaí, Coiste na dTuismitheoirí agus foireann scoile roimh teacht faoi bhráid an Bhord. Mhol S. Ó T. go nglacfaí leis an gCód le tacaíocht ó A. B.

10. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Cuireadh na cáipéisí cuí faoi bhráid an Bhord agus léadh gach cáipéis don Bhord, tugadh le fios don Bhord nach raibh aon rud le tuairisciú faoi aon teideal.

11. **Tuairisc ar Bhulaíochta**

Tugadh le fios don Bhord nach raibh aon chás bhulaíochta le tuairisciú.

12. **Tuairisc ó Coiste na dTuistí**

Mhol G Uí Ch. obair na daltaí agus na foirne i rith an scoilbhliain agus ghuí sí chuile rath agus samhradh deas ar fhoireann na scoile. Thug G. Uí Ch. go raibh cruinniú ag Coiste na dTuismitheoirí le déanaí agus thug sí tuairisc don Bhord.

13. **Tuairisc ar Sláinte agus Sábháilteacht**

Tugadh le fios don Bhord go mbeadh uasdátú le déanamh ar chúrsaí garchabhrach ag roinnt ball foirne ag tús na scoilbhliana seo chugainn.

14. **A. R. E**

Rinne A B. tuairisc a thabhairt ar Phoist Dualgais na scoile. Chuaigh sí tríd a cuid dualgaisí fhéin mar Príomhoide Chúnta. Rinne an Príomhoide tuairisc ar dualgaisí phoist an Leas Príomhoide agus duailgaisí an Príomhoide Cúnta a 2, M. Nic an M.. Mhol an Cathaoirleach obair na bainistíochta i rith na scoilbhliana.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill an Bhoird as a gcuid oibre agus a bheith i láthair. Rinne an Cathaoirleach chuile rath a ghuí ar dhaltaí an tStraith Shoisearaigh agus iad ag tabhairt faoina gcuid scrúduithe i mbliana.

Rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú agus ghuí sé chuile bheannacht ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha Dáta: 28/9/23

**Cathaoirleach**